



An Roinn Fiontar,
Turasóireachta agus Fostaíochta
Department of Enterprise,
Tourism and Employment

Achoimre ar Fhreagraí don Chomhairliúcháin Phoiblí faoi Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí a Fhorbairt

Deireadh Fómhair 2026

Clár Ábhair

Freagraí an tSuirbhé:	3
Cuid 1: Próifíl na bhFreagróirí	3
Cuid 2: Taithí faoi Láthair ar Chóiríocht do Thurasóirí	5
Cuid 3: An Tairiscint i Láthair na hUaire	7
Cuid 4: Acmhainn Chóiríochta agus Éileamh Amach Anseo	12
Cuid 5: Rialú	15
Cuid 6: Bailiú sonraí	17
Cuid 7: Inacmhainneacht agus Infhaighteacht	25
Cuid 8: Inrochtaineacht	29
Cuid 9: Caighdeán Chomhshaoil agus Inbhuanaitheacht	34
Cuid 10: Cóiríocht ar Cíos go Gearrthéarmach	36
Cuid 11: Cothromaíocht Réigiúnach agus Turasóireacht Tuaithe	39
Cuid 12: Tuairimí Breise agus Anailís Théamach	41
Cuid 13: Aighneachtaí Scríofa	42

Freagraí an tSuirbhé:

Anseo thíos tá torthaí an chomhairliúcháin phoiblí a cuireadh i gcrích tríd an suirbhé ar líne a cuireadh ar fáil ar Ardán Suirbhé an AE. Tá na torthaí eagraithe de réir ord cheisteanna an tsuirbhé agus curtha i láthair faoi na ceannteidil théamacha ábhartha.

Cuid 1: Próifíl na bhFreagróirí


Tá léargas le fáil sa chuid seo ar phróifíl na bhfreagróirí, na cineálacha freagróirí a ghlac páirt sa chomhairliúchán agus dáileadh geografach na bhfreagraí, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil sa chuid dar teideal “Maidir Leat” den suirbhé.

1.1 An Cineál Freagróra

Ba iad ‘Úinéirí cóiríochta do thurasóirí’ (45.4%) an grúpa freagróirí is mó. ‘Baill den phobal’ ba ea 21% de na freagróirí, agus thug 15.6% le fios go bhfuil siad ‘Ag obair san earnáil turasóireachta’. Bhí na catagóirí freagróirí eile ar fad freagrach as níos lú ná 6% de na freagraí ina n-aonar, lena n-áirítear ‘Úinéirí gnóthaí turasóireachta’ (5.1%), ionadaithe ó ‘Údaráis Áitiúla nó comhlachtaí poiblí’ (4.4%), ‘Grúpaí sainleasa’ (2.7%) agus ‘Ionadaithe ón earnáil turasóireachta’ (2.4%).

I measc an ghrúpa bhig freagróirí a roghnaigh ‘Eile’ bhí ionadaithe ó eagraíochtaí forbartha pobail, comhshaoil agus oidhreachta, taighdeoirí, miondíoltóirí agus daoine aonair a raibh taithí acu ar an earnáil cóiríochta roimhe seo.

An Cineál Freagróra (n=295)




1.2 Tugadh cuireadh dóibh siúd a thug le fios gur ‘Úinéirí cóiríochta do thurasóirí’ iad, eolas a roinnt maidir leis an gcineál/na cineálacha cóiríochta a chuireann siad ar fáil.

Is oibritheoirí ‘Cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach’ iad 68.1% d’úinéirí cóiríochta. ‘Óstáin’ a roghnaigh 19.3% de na freagróirí, agus roghnaigh na freagróirí eile ‘Teach Leaba agus Bricfeasta’ (7.4%), cóiríocht ‘Amuigh faoin Aer’ cosúil le saoráidí campála,

glampála agus carbhán (6.7%) agus *‘Tithe Aíochta’* (5.2%). Thug líon beag freagróirí le fios gur oibritheoirí *‘Brúnna’* iad (0.7%) nó roghnaigh siad *‘Eile’* (2.2%).

An Cineál Cóiríochta do Thurasóirí Curtha ar Fáil (n=135)



Tabhair faoi deara: De bhrí go raibh cead ag freagróirí roinnt cineálacha cóiríochta a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.


1.3 Próifíl Gheografach na bhFreagróirí

Bhí cónaí ar 96.3% de na freagróirí in Éirinn, agus bhí cónaí ar 3.7% de na freagróirí taobh amuigh d’Éirinn.

Ba as Baile Átha Cliath (14.9%), Corcaigh (10.5%), Gaillimh (8.8%), Ciarraí (8.5%) agus Dún na nGall (6.1%) an líon is mó freagróirí. Fuarthas líon níos lú freagraí ó chontaetha i ngach réigiún den tír, agus is fianaise é sin ar rannpháirtithe ó réigiún mór geografach.


Ba as ceantair *‘Thuaithe’* a tháinig an céatadán is mó freagróirí (35.6%), agus ó *‘Bhailte beaga’* (19.3%), *‘Cathracha’* (18.6%), *‘Bailte móra’* (15.3%) agus *‘Suíomhanna Cósta nó Oileáin’* (11.2%) ina dhiaidh sin.

An Cineál Lonnaíochta (n=295)



1.4 Fiafraíodh de na freagróirí maidir le húsáid a bhaint as Cóiríocht Inrochtana do Thurasóirí (comhthéacs le haghaidh na bhfreagraí i gCuid 8)

Thug 72.5% le fios nach mbaineann siad féin nó duine éigin a mbíonn siad ag taisteal leo go rialta úsáid as cóiríocht inrochtana, agus thuairiscigh beagán os cionn aon cheathrú de na freagróirí (26.1%) leibhéal úsáide éigin. San áireamh anseo bhí 15.3% a úsáideann cóiríocht inrochtana anois is arís agus 10.8% a úsáideann an chóiríocht seo go rialta.




Cuid 2: Taithí faoi Láthair ar Chóiríocht do Thurasóirí

Sa chuid seo scrúdaítear an tuiscint atá ag freagróirí ar an gcaoi a gcuireann cóiríocht do thurasóirí le torthaí turasóireachta ina gceantar féin, mar aon leis na tosaíochtaí a mheasann siad is tábhachtaí chomh fada is a bhaineann le forbairt na hearnála amach anseo.

2.1 Rangaigh do thosaíochtaí (6) do Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí de réir do rogha:

Bunaithe ar scóir, ba é ‘Seirbhísí agus spásanna poiblí nó pobail a fheabhsú’ an tosaíocht a bhí rangaithe ag an leibhéal is airde (meánrangú: 3.09), agus ina dhiaidh sin bhí ‘Tacú le leathadh réigiúnach’ (3.15). ‘Rialachas agus maoirseacht ar chóiríocht do thurasóirí’ a bhí rangaithe sa tríú háit (3.40), agus ina dhiaidh sin bhí ‘Cáilíocht a fheabhsú’ (3.46), ‘Acmhainn a mhéadú’ (3.71) agus ‘Breithniúcháin inbhuanaitheachta agus aeráide’ (4.19).


Meánrangú Tosaíochtaí Straitéiseacha don Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí (n=282)



Tabhair faoi deara: Rangaíodh tosaíochtaí idir 1 (tosaíocht is airde) agus 6 (tosaíocht is ísle). Is fianaise ar thosaíocht níos airde go ginearálta iad meánscoir rangaithe níos ísle.

Ainneoin gur léargas ar thosaíochtaí foriomlána freagróirí sna sé réimse iad na meánscoir rangaithe, is é rangú céadrogha amháin na bhfreagróirí atá á léiriú ar an gcairt seo a leanas. Ba é ‘*Rialachas agus maoirseacht ar chóiríocht do thurasóirí*’ an chéad rogha ba mhinice a roghnaíodh (25.5%), agus ina dhiaidh sin bhí ‘*Tacú le leathadh réigiúnach*’ (21.6%) agus ‘*Acmhainn a mhéadú*’ (21.6%).


Tosaíochtaí Straitéiseacha Céad Rogha don Straitéis Chóiríochta do Thurasóirí (n=282)



2.2 I ndáil le gach ceann de na fachtóirí cóiríochta seo a leanas, cuir eolas ar fáil maidir leis an tionchar atá ag a leithéid, dearfach, diúltach nó gan tionchar, ar thorthaí turasóireachta i do cheantar:

Bhain na tionchair dhearfacha is láidre le ‘*Cáilíocht agus caighdeán na cóiríochta do thurasóirí*’ (82.5%), ‘*Infhaighteacht ar chóiríocht inrochtana*’ (78%) agus ‘*Raon/éagsúlacht na gcineálacha cóiríochta*’ (70.3%). Glacadh leis go minic freisin go raibh tionchar dearfach seachas diúltach ag ‘*Inacmhainneacht*’, ‘*Inrochtaineacht*’ agus ‘*Tionchair ar phobail*’ ar thorthaí turasóireachta.

Ba le ‘*Tionchar na cóiríochta do thurasóirí ar an timpeallacht*’ a bhain an céatadán is airde de fhreagraí ‘*Gan tionchar*’ (46.6%), fianaise ar níos mó éiginnteachta nó éagsúlachta i gcomhthéacs na dtuiscintí ar an éifeacht atá ag a leithéid seo ar thorthaí turasóireachta. Roghnaigh 43.6% de na freagróirí tionchar diúltach, i gcomparáid le 15.5% de na freagróirí a roghnaigh tionchar dearfach.



Cuid 3: An Tairiscint i Láthair na hUaire


Sa chuid seo scrúdaítear tuairimí freagróirí faoin gcóiríocht do thurasóirí atá á cur ar fáil faoi láthair agus a bheidh á cur ar fáil amach anseo in Éirinn, lena n-áirítear na cineálacha cóiríochta a bheidh ag teastáil, na suíomhanna ina bhfuil an gá is mó le hacmhainn bhreise agus an leibhéal ag a bhfuil an chóiríocht atá ar fáil faoi láthair ag freastal ar riachtanais ghrúpaí cuairteoirí difriúla.

3.1 Ag féachaint chun cinn, céard iad na cineálacha cóiríochta do thurasóirí a bhfuil níos mó díobh ag teastáil in Éirinn dar leat?

Ba í ‘*Cóiríocht amuigh faoin aer*’ (e.g. saoráidí campála, glampála agus carbhán) an riachtanas cóiríochta ba mhinice a aithníodh, roghnaithe ag 53.4% de fhreagróirí, agus ina dhiaidh sin roghnaíodh ‘*Cóiríocht féinfhrestail*’ (50%) agus ‘*Cóiríocht seirbhísithe*’ cosúil le tithe aíochta agus tithe Leaba agus Bricfeasta (49%). Tugadh faoi deara freisin an t-éileamh a bhí ar ‘*Chóiríocht óstáin*’ (39.5%) bhreise agus ar ‘*Chóiríocht bhrú*’ (29.6%), agus thug 16% le fios go raibh gá le tuilleadh cóiríochta ina raibh saoráidí

comhdhála, cruinnithe agus imeachtaí. Níor roghnaigh ach céatadáin bheaga ‘Cineálacha cóiríochta eile’ (4.4%), nó roghnaigh siad ‘Níl aon riachtanas cóiríochta breise’ (4.1%) nó ‘Níl mé cinnte’ (2.4%).

Cineálacha Cóiríochta do Thurasóirí a bhfuil Níos Mó Díobh ag Teastáil in Éirinn (n=294)




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.

3.2 Dar leat, cá bhfuil an chóiríocht bhreise do thurasóirí ag teastáil go géar?

Ba é an suíomh ba mhinice a roghnaíodh ná ceantair ‘*Thuaisithe*’ (55.6%), ‘*Bailte beaga*’ (43.3%) agus ‘*Cinn scríbe do thurasóirí atá ag teacht chun cinn*’ (42.3%). Chomh maith leis sin, thagair céatadán suntasach de fhreagróirí don ghá a bhí le cóiríocht bhreise i ‘*Suíomhanna cósta agus oileáin*’ (38.6%) agus ‘*Bailte móra*’ (31.4%). Roghnaigh céatadáin níos lú ‘*Suíomhanna imeachta ardéilimh*’ (20.8%) agus ‘*Cathracha*’ (18.4%) mar shuíomhanna tosaíochta chun breis cóiríochta a chur ar fáil. Níor roghnaigh ach líon beag freagróirí ‘*Níl mé cinnte*’ (5.1%) nó suíomhanna ‘*Eile*’ (1.4%).


Suíomhanna ina bhfuil Cóiríocht Bhreise do Thurasóirí ag Teastáil go Géar (n=293)



3.3 Conas atá ag éirí le cóiríocht do thurasóirí i do cheantar freastal ar riachtanais taistealaithe gnó agus cuairteoirí atá ag freastal ar imeachtaí gnó (e.g. iad siúd atá ag freastal ar chruinnithe, comhdhálacha nó imeachtaí corparáideacha, smaoinigh ar rudaí cosúil le hullmhacht dhigiteach, spás oibre atá ar fáil agus saoráidí do chruinnithe)?


Ba é *'Measartha oiriúnach'* (35.2%) an freagra ba choitianta, agus ina dhiaidh sin, *'Oiriúnach go pointe áirithe'* (20.9%) agus *'Oiriúnach'* (19.8%). Bhí 11.1% eile de fhreagróirí den tuairim go raibh cóiríocht áitiúil *'An-oiriúnach'*, agus thug 13% le fios go raibh an chóiríocht *'Mí-oiriúnach'* do riachtanais ghnó agus cuairteoirí atá ag freastal ar imeachtaí gnó.

Oiriúnacht na Cóiríochta do Thurasóirí do Thaistealaithe Gnó agus do Chuaisreoirí Imeachtaí Gnó (n=253)



3.4 Cé chomh maith is atá ag éirí leis an gcóiríocht do thurasóirí i do cheantar freastal ar riachtanais oibrithe oibriúcháin, cosúil le tiománaithe tarlaithe, tiománaithe truailí, conraitheoirí, teicneoirí nó oibreacha eile a bhíonn ag taisteal mar chuid d'oibríochtaí gnó riachtanacha, ag smaoinigh ar fhachtóirí cosúil le páirceáil, inacmhainneacht, suíomh agus saoráidí oiriúnacha le haghaidh tréimhsí fanachta uaireanta - neamhrialta?

Ba é *‘Measartha oiriúnach’* (30.8%) an freagra ba choitianta, agus ina dhiaidh sin roghnaíodh *‘Oiriúnach go pointe áirithe’* (27.9%) agus *‘Níl oiriúnach ar chor ar bith’* (22.3%). Bhí céatadáin níos lú de fhreagróirí den tuairim go raibh an chóiríocht *‘Oiriúnach’* (15.4%) nó *‘An-oiriúnach’* (3.6%) chomh fada is a bhain le riachtanais oibrithe oibriúcháin.



3.5 An bhfuil aon samhail chóiríochta nuálach nó atá ag teacht chun cinn ba cheart a chur san áireamh mar chuid den phleanáil a dhéanfar amach anseo?

Bhain an téama ba mhinice ar tagraíodh dó le *‘Cóiríocht Amuigh faoin Aer agus Dúlra bhunaithe’* (38 tagairt).


Téama coitianta eile ba ea *‘Samhlacha Cóiríochta Malartacha agus Nuálacha’* (34 tagairt), lena n-áirítear faighneoga, cóiríocht mhodúlach, formáidí cóiríochta hibrideacha, cóiríocht búitíc agus coincheapa cóiríochta brandáilte.

Chomh maith leis sin, go minic thagair freagróirí do *‘Chóiríocht Féinfhreastail agus Ar Cíos go Gearrthéarmach’* (28 tagairt) agus *‘Samhlacha Pobail, Tuaithe agus Áit bhunaithe’* (28 tagairt).

Bhain téamaí eile le *‘Cóiríocht Lucht Saothair agus Fhadtéarmach’* (15 tagairt)¹, an tábhacht a bhaineann le *‘Pleanáil, Rialú agus Bonneagar Tacaíochta’* (18 tagairt) agus *‘Acmhainn Chóiríochta agus Stoc Reatha’* (14 tagairt).

¹ Ainneoin gur tagraíodh i roinnt freagraí do chóiríocht lucht saothair agus fhadtéarmach d'oibrithe agus conraitheoirí, ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann na ceisteanna seo leis an earnáil cíosa tráchtála agus, dá réir sin, ní bhaineann siad le raon feidhme na Straitéise Cóiríochta do Thurasóirí, a bheidh dírithe go hiomlán ar chóiríocht do thurasóirí.

Príomhthéamaí a Eascraíonn as Freagraí maidir le Samhlacha Cóiríochta Amach Anseo (n=125)



Tabhair faoi deara: Tagraíonn na figiúirí don líon uaireanta ar tagraíodh do théama i bhfreagraí códaithe. De bhrí go bhféadfaí freagraí aonair a shannadh do roinnt téamaí, sháraigh an líon iomlán líon na bhfreagróirí.


Téama	Fothéamaí Samplacha	Tagairtí
Córíocht Amuigh faoin Aer agus Dúlrbhunaithe	Glampáil, Campáil, Carbhán/Veain Champála, Éiceathurasóireacht/Feirm, Cúrsaí Spioradálta	38
Samhlacha Cóiríochta Malartacha agus Nuálacha	Faighneoga, Modúlach, Hibrideach, Búitíc, Brandáilte, Báid Chónaithe	34
Córíocht Féinfhrestail agus Ar Cíos go Gearrthéarmach	Féinfhrestail, Córíocht Ar Cíos go Gearrthéarmach, Tithe Leaba agus Bricfeasta, Lóistí	28
Samhlacha Pobail, Tuaithe agus Áitbhunaithe	Córíocht á Stiúradh ag an bPobal, Turasóireacht Thuaithe, Éispéireasach/Oidhreacht, Gaeltacht	28
Pleanáil, Rialú agus Bonneagar Tacaíochta	Rialú, Bonneagar, Praghsáil	18
Córíocht Lucht Saothair agus Fhadtéarmach	Córíocht d'Oibrithe, Córíocht Fhadtéarmach, Corparáideach	15
Acmhainn Chóiríochta agus Stoc Reatha	Athrú cuspóra, Úsáid neamhthurasóireachta as cóiríocht do thurasóirí, Óstáin	14

Cuid 4: Acmhainn Chóiríochta agus Éileamh Amach Anseo

Sa chuid seo scrúdaítear tuairimí freagróirí maidir le hoiriúnacht na hacmhainne cóiríochta do thurasóirí i láthair na huaire, an t-éileamh a bheidh ar chóiríocht amach anseo agus na fachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhorbairt tuilleadh cóiríochta do thurasóirí in Éirinn.

4.1 Conas a rátálfá infhaighteacht chóiríochta do thurasóirí i do cheantar i láthair na huaire?


Ba é ‘Inghlactha’ (28.2%) an freagra ba choitianta agus ansin ‘Míshásúil’ (24.6%) agus ‘Sásúil’ (23%). Thug 19.8% eile de fhreagróirí le fios gur mheas siad go raibh infhaighteacht ‘An-mhíshásúil’, agus ní raibh ach 4.4% den tuairim go raibh infhaighteacht ‘An-sásúil.’



4.2 As seo go ceann 5 bliana, conas a athróidh éileamh ar chóiríocht do thurasóirí i do cheantar dar leat?

Ba iad ‘Méadú measartha’ (41.4%) agus ‘Fanacht cobhsaí’ (41.4%) an dá fhreagra ba choitianta, agus fuarthas an céatadán céanna freagraí don dá rogha. Bhí 7.8% breise de fhreagróirí ag súil go dtiocfadh ‘Méadú suntasach’ ar éileamh. Tríd is tríd, bhí 49.1% ag súil le méadú ar éileamh, i gcomparáid le 9.5% a bhí ag súil go laghdódh éileamh (‘Laghdú measartha’ nó ‘Laghdú suntasach’).

Athrú Ionchasach ar Éileamh ar Chóiríocht do Thurasóirí As Seo go Ceann Cúig Bliana (n=232)




4.3 Nuair a bheidh an straitéis seo á forbairt, b'fhéidir nach mbeadh sé indéanta na cuspóirí ar fad a uasmhéadú ag an am céanna. Fiafraíodh de fhreagróirí a rogha tosaíochtaí a aithint as tacar cuspóirí iomaíocha a bhain le cóiríocht do thurasóirí.

Bhain na roghanna is láidre le *'Tacú le héileamh inbhuanaithe i gcaitheamh na bliana'* seachas *'Acmhainn bhuaicshéasúir a uasmhéadú'* (90.7% i gcomparáid le 9.3%) agus *'Cóiríocht réigiúnach agus thuithe do thurasóirí a spreagadh'* seachas *'Cóiríocht a chur ar fáil i gceantair ardéilimh'* (85.6% i gcomparáid le 14.4%). Thug freagróirí le fios freisin go raibh tosaíocht á tabhairt acu *'d'Fhorbairt chóiríochta nua'* i gcomparáid le *'hUasghrádú foirgneamh atá ar fáil cheana'* (72.9% i gcomparáid le 27.1%).

I gcodarsnacht leis sin, bhí na tuairimí maidir le ceisteanna a bhain le cosaintí pleanála agus comhshaoil, folláine an phobail, agus infhaighteacht tithe agus soláthar tithe ar cíós go gearrthéarmach, roinnte go cothrom agus ní raibh aon rogha ann a mheall tromlach suntasach. Tugadh an deighilt is gaire faoi deara i ndáil le *'Luas sheachadadh na cóiríochta'* (50.2%) agus *'Pleanáil agus cosaintí comhshaoil láidre'* (49.8%).

Roghanna Tosaíochta Nuair a Bhíonn Cuspóirí Iomaíocha i gCeist




Tabhair faoi deara: Iarradh ar fhreagróirí rogha thosaíochta amháin a roghnú. Bhí éagsúlacht bheag le tabhairt faoi deara i ndáil le líon na bhfreagróirí a d'fhreagair ceisteanna éagsúla ($n=286-292$).

4.4 Céard iad na fachtóirí a bhfuil an tionchar is mó acu ar fhorbairt na cóiríochta do thurasóirí i do cheantar?

Rinneadh an líon is mó tagairtí do 'Chostais tógála agus forbartha' (50.5%), agus ina dhiaidh sin 'd'Amlínte Pleanála' (41.5%) agus 'Ganntanas bonneagair' (38.8%). Thug thart ar an tríú cuid de fhreagróirí le fios gur ghlac siad le 'Ceanglais rialála' (34.3%) agus le 'Séasúracht éilimh' (32.5%) mar phríomhbhacainní ar fhorbairt chóiríochta. Tharraing líon níos lú daoine aird ar 'Infhaighteacht oibrithe tógála' (20.8%), 'Rochtain ar airgeadas' (18%) agus 'Infhaighteacht foirne turasóireachta' (17%). Tharraing líon beag freagróirí aird ar 'Fhachtóirí eile' (8%) nó 'Caighdeán agus cearta tomhaltóirí' (2.1%) mar thionchair shuntasacha.

Fachtóirí a bhfuil Tionchar acu ar Fhorbairt na Cóiríochta do Thurasóirí (n=289)



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.


Cuid 5: Rialú

Sa chuid seo scrúdaíodh tuairimí na bhfreagróirí maidir le héifeachtacht an chreata rialála reatha atá bunaithe le haghaidh cóiríocht do thurasóirí in Éirinn, lena n-áirítear leordhóthanacht an chláraithe reatha, maoirseacht, forfheidhmiú agus socruithe dearbhaithe cáilíochta.

5.1 Cén rátáil a roghnófa chun cur síos a dhéanamh ar an gcreat rialála atá bunaithe le haghaidh cóiríocht do thurasóirí in Éirinn (An tAcht um Thrácht Cuartaíochta, 1939-2016)?

Ba é an freagra ba choitianta ná go bhfuil an creat ‘Measartha éifeachtach’ (30.9%). É sin ráite, bhí 23% de na freagróirí den tuairim go raibh an creat ‘Beagán éifeachtach’, agus roghnaigh 21.9% ‘Níl sé éifeachtach ar chor ar bith’. Roghnaigh 14.9% eile de fhreagróirí ‘Níl mé cinnte.’


Éifeachtacht Bhraite an Chreata Rialála do Chóiríocht do Thurasóirí in Éirinn (n=269)



5.2.1 Céard iad na gnéithe de rialú, más cuí, a chreideann tú a bhféadfadh sé a bheith riachtanach níos mó airde a thabhairt orthu?

Ba é an réimse ba mhinice a roghnaíodh ná *‘Rialú/Clárú na cóiríochta do thurasóirí’* (49%), agus ina dhiaidh sin roghnaíodh *‘Rialachas agus maoirseacht ar chóiríocht do thurasóirí’* (39%) agus *‘Forfheidhmiú agus comhlíonadh’* (36%). Roghnaigh thart ar aon trian de na freagróirí *‘Caighdeáin cháilíochta’* (33%), agus roghnaigh díreach os cionn aon cheathrú de na freagróirí *‘Comhsheasmhacht ar fud na réigiúin’* (26%). Roghnaigh 19% *‘Níl aon cheist shuntasach’*, agus roghnaigh 9% *‘Níl mé cinnte’*.

Gnéithe Rialacháin a Éilíonn Tuilleadh Airde (n=289)



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí suas le trí rogha a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.


5.2.2 Tugadh cuireadh do fhreagróirí aon sonraí breise a chur ar fáil a d’fhéadfadh tacú leis na roghanna a rinne siad:

I ndiaidh anailís a dhéanamh ar na freagraí oscailte, aithníodh 12 téama as 100 tagairt a bhí códaithe de réir téama.

Ba é *‘Rialú/Clárú Ligean ar Cíos Gearrthéarmach’* (LCGanna) an téama ba mhinice a tugadh faoi deara (29 tagairt). Téamaí coitianta freisin ba ea *‘Caighdeáin Cháilíochta’* (15 tagairt) agus *‘Forfheidhmiú agus Comhlíonadh’* (12 tagairt).

Chomh maith leis sin, thagair freagróirí do *‘Rialachas agus Maoirseacht’* (10 dtagairt), go háirithe i ndáil le hoibriú an chreata rialála, agus *‘Pleanáil agus Ualach Rialála’* (10 dtagairt), lena n-áirítear ceanglais phleanála agus tionchar an rialaithe ar sholáthraithe cóiríochta.

I measc na dtéamaí eile bhí *‘Tionchair Thithíochta’* (7 dtagairt), *‘Bonneagar agus Inbhuanaitheacht’* (4 thagairt), *‘Cineálacha Cóiríochta atá ag Teacht chun Cinn’* (3 thagairt), *‘Creat Nuachóirithe’* (3 thagairt), *‘Úsáid Mhalartach as Cóiríocht do Thurasóirí’* (3 thagairt), *‘Comhsheasmhacht ar Fud na Réigiún’* (2 thagairt) agus *‘Inacmhainneacht Chóiríochta’* (2 thagairt).



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfaí tuairimí a shannadh do níos mó ná téama amháin, is ionann minicíochtaí téama agus líon na dtagairtí do théama seachas líon na bhfreagróirí aonair.

Cuid 6: Bailiú sonraí

Sa chuid seo scrúdaítear tuairimí freagróirí maidir le bailiú agus úsáid sonraí turasóireachta chun tacú le pleanáil turasóireachta, forbairt beartais agus bainistíocht chinn scríbe.

6.1 An dóigh leat go mbeadh sonraí feabhsaithe maidir le gluaiseachtaí cuairteoirí úsáideach do na réimsí seo a leanas?


Léiríodh an tacaíocht is láidre le haghaidh *‘Forbairt Réigiúnach na Turasóireachta’* (90.7%), agus ina dhiaidh sin roghnaíodh *‘Iompar agus Roghanna Turasóirí a Thuiscint’*

(89%) agus *‘Pleanáil agus Infheistíocht Turasóireachta’* (86.9%). Thug tromlaigh mhóra le fios freisin gur bhain luach le sonraí feabhsaithe chomh fada is a bhaineann le *‘Pleanáil Bonneagair agus Iompair’* (85.7%), *‘Tacaíocht do Straitéisí Margaíochta Turasóireachta’* (85.3%) agus *‘Margaí Foinse Cuairteoirí a Thuiscint’* (82.3%).

Ba le *‘Séasúracht a Bhainistiú’* (79.1%) a bhain an leibhéal comhaontaithe is ísle chomh fada is a bhain leis na réimsí ar fad a scrúdaíodh. Dá ainneoin sin, bhí beagnach ceathrar as gach cúigear freagróirí den tuairim go mbeadh sonraí gluaiseachta cuairteoirí feabhsaithe úsáideach don chuspóir seo.

Ar fud na réimsí ar fad, thug céatadáin réasúnta beag de fhreagróirí le fios nach mbeadh sonraí gluaiseachta cuairteoirí feabhsaithe úsáideach, agus bhí na freagraí diúltacha a fuarthas idir 4.3% agus 9%.

Úsáideacht Bhraite Sonraí Gluaiseachta Cuairteoirí Feabhsaithe (n=277-282)




6.2 An dtacaíonn tú le príomhthacar sonraí náisiúnta caighdeánaithe a bhunú (teoranta do thréimhse fanachta, líon na n-aíonna agus áit chónaithe)?

Bheadh an tacar sonraí beartaithe teoranta do líon beag pointí sonraí, lena n-áirítear líon na n-aíonna, tréimhse fanachta agus contae nó tír chónaithe cuairteoirí.

Thug tromlach suntasach freagróirí (70.2%) le fios go dtacaíonn siad le príomhthacar sonraí náisiúnta caighdeánaithe a bhunú. I gcomparáid leis sin, thug 12.3% le fios nach dtacaíonn siad le bunú a leithéid de thacar, agus thug 17.5% le fios nach raibh siad cinnte.

Tacaíocht do Bhunú Phríomhbhunachar Sonraí Náisiúnta Caighdeánaithe (n=292)




6.3 Cuireadh an cheist seo a leanas ar fhreagróirí: Dá mbeadh a leithéid le bunú, conas ba cheart an príomhthacar sonraí seo a bhailiú?

Ba í an rogha ba mhinice a roghnaíodh ná *‘Líonta ar líne roimh theacht’* (e.g., trí chóras áirithinte nó foirm ar líne), ag 50%, agus ina dhiaidh sin roghnaíodh *‘Comhtháite i bpróisis seiceála isteach a bhí bunaithe cheana’* (39.5%) agus *‘Líonta go digiteach ag an aoi ag seiceáil isteach’* (32.9%).

Thacaigh céatadán i bhfad níos lú le sonraí *‘Líonta ar líne i ndiaidh na tréimhse fanachta’* (11.9%), agus roghnaigh 10.1% de na freagróirí *‘Níor cheart í a bhailiú’* agus iad ag freagairt ceist maidir leis an tacar sonraí. Níor roghnaigh ach líon beag freagróirí *‘Bailithe ó bhéal ag an bhfoireann ag seiceáil isteach’* (4.9%), modhanna *‘Eile’* (2.1%) nó *‘Suirbhé páipéir curtha ar fáil i rith na tréimhse fanachta’* (1%).

Rogha Modhanna chun Príomhbhunachar Sonraí Náisiúnta Caighdeánaithe a Bhailiú (n=286)




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.

6.4 Cén cur chuige a mbeifeá ag tacú leis?

Sular freagraíodh an cheist seo, cuireadh in iúl do fhreagróirí, sa bhreis ar an bpríomhthacar sonraí caighdeánaithe, go bhféadfaí tuilleadh faisnéise maidir le próifíl cuairteoirí a bhailiú, lena n-áirítear an chúis taistil, modh iompair, catagóir cuairteoirí agus cineál grúpa taistil.

Ba í an rogha ba mhinice a roghnaíodh ná ‘Príomhthacar sonraí le faisnéis bhreise bailithe ar bhonn deonach’ a bhailiú (51.2%). Bhí níos mó tacaíochta don rogha seo ná mar a bhí do ‘Príomhthacar sonraí amháin’ (18.8%) nó ‘Tacar sonraí riachtanach leathnaithe lena n-áirítear faisnéis phróifíle bhreise’ (18.1%). Roghnaigh 11.8% eile de fhreagróirí ‘Níl mé cinnte.’


Ainneoin nár thacaigh ach 18.8% le srian a chur leis an bpríomhthacar sonraí amháin a bhailiú, thacaigh 69.3% le faisnéis phróifíle cuairteoirí bhreise a bhailiú i bhfoirm éigin (51.2% deonach; 18.1% éigeantach).



6.5 Cé chomh toilteanach is a bheadh tú faisnéis bhreise a chur ar fáil ar bhonn deonach?

Thug formhór na bhfreagróirí (55.7%) le fios go mbeadh siad toilteanach a leithéid sin d'fhaisnéis a chur ar fáil, agus thug 32.3% le fios go raibh a dtuairim maidir leis seo neodrach. Thug céatadán níos lú (12%) le fios nach mbeadh siad toilteanach faisnéis bhreise a chur ar fáil.


Toilteanas chun Faisnéis Bhreise faoi Chuaireoirí a chur ar fáil ar Bhonn Deonach (n=291)



6.6 Cén cineál faisnéise breise maidir le próifíl cuairteoirí a mbeadh tú compordach a chur ar fáil ar bhonn deonach?

Ba í an rogha ba mhinice a roghnaíodh ná ‘Cúis taistil -gnó, laethanta saoire, cuairt ar bhaill teaghlaigh/ar chairde’ (78.8%), agus ina dhiaidh sin roghnaíodh ‘Modh iompair úsáidte chun taisteal chomh fada le cóiríocht’ (73.6%), ‘Cineál grúpa taistil’ (69.4%) agus ‘Catagóir cuairteora’ (66.3%). Níor thug ach 13.9% de fhreagróirí le fios nach mbeadh siad ar a gcompord ag cur aon chuid den fhaisnéis bhreise liostaithe ar fáil.

Cineálacha Faisnéise Breise faoi Chuaireoirí a bheadh Freagróirí Compordach a Sholáthar (n=288)



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.


6.7 Céard iad na fachtóirí a mbeadh an tionchar is mó acu ar do leibhéal compoird chomh fada is a bhaineann le faisnéis bhreise faoi chuaireoirí a chur ar fáil?

Ba é an fachtóir ba mhinice a roghnaíodh ná *‘Míniú soiléir’* maidir leis an gcúis atá leis na sonraí a bhailiú (65.1%), agus ina dhiaidh sin *‘Áisiúlacht nó éascaíocht’* chomh fada is a bhaineann le faisnéis a chur ar fáil (58.1%).

Chomh maith leis sin, d’aithin céatadán suntasach freagróirí *‘Méid íosta faisnéise’* a bheith riachtanach (43%), agus tharraing 38.4% aird ar an tábhacht a bhain le *‘Sonraí úsáidte chun críche staitistiúla’*. Tagraíodh go minic freisin d’ábhair imní a bhain le cosaint sonraí agus bearta slándála (35.9%).

D’aithin céatadán níos lú freagróirí *‘Comhroinnt sonraí srianta’* (20.8%) agus *‘Tréimhse choinneála sonraí theoranta’* (8.8%) mar fhachtóirí tábhachtacha a bhfuil tionchar acu ar a leibhéal compoird.

Fachtóirí a bhfuil Tionchar acu ar Chompord chomh fada is a bhaineann le Faisnéis Bhreise faoi Chuaireoirí a Sholáthar (n=284)




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.

6.8 Dá mbeadh faisnéis bhreise faoi phróifíl cuairteoirí le bailiú (e.g. cúis taistil, banda aoise, modh iompair), conas ba cheart í a bhailiú?

Ba í an rogha ba mhinice a roghnaíodh ná *‘Líonta ar líne roimh theacht’* (49.3%), agus ina dhiaidh sin *‘Comhtháite i bpróisis seiceála isteach a bhí bunaithe cheana’* (36.7%) agus *‘Líonta go digiteach ag aionna ag seiceáil isteach’* (35%).

Thacaigh céatadán níos lú le *‘Líonta ar líne i ndiaidh na tréimhse fanachta’* (12.6%), agus ba é *‘Níor cheart í a bhailiú’* a roghnaigh 9.8% de na freagróirí. Níor roghnaigh ach líon beag freagróirí *‘Bailithe ó bhéal ag an bhfoireann ag seiceáil isteach’* (5.6%), *‘Suirbhé páipéir curtha ar fáil i rith na tréimhse fanachta’* (2.1%) nó *‘Eile’* (1.4%).

Rogha Modhanna chun Faisnéis Phróifíle Bhreise a Bhailiú (n=286)




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.

6.9 Nuair a bhíonn machnamh á dhéanamh ar bhailiú agus ar úsáid sonraí aionna, cé acu díobh seo a leanas ba cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?

Ba é an freagra ba choitianta ná ‘Cur chuige cothromaithe’ idir pleanáil turasóireachta feabhsaithe agus bailiú sonraí ó chuairteoirí a íoslaghdú, rogha a roghnaigh 57% de fhreagróirí. Thug 30.8% eile tús áite do ‘Phleanáil turasóireachta feabhsaithe’, agus bhí 12.2% den tuairim gur cheart tús áite a thabhairt do ‘Bhailiú sonraí a íoslaghdú’, sonraí ó chuairteoirí.

Tosaíochtaí i ndáil le Bailiú agus Úsáid Sonraí Aionna (n=286)




6.10 Cuireadh an cheist seo a leanas ar fhreagróirí a thug le fios gur úinéirí cóiríochta do thurasóirí iad: Cé chomh indéanta is a bheadh sé an cineál seo bailithe sonraí a chomhtháthú i bpróisis seiceála isteach atá bunaithe cheana?

Ba é ‘Indéanta Go Pointe Áirithe’ (33.9%) an freagra ba choitianta, agus ‘Níl Indéanta’ (28.8%) ina dhiaidh sin. Bhí céatadáin chothroma de fhreagróirí den tuairim go raibh

comhtháthú ‘Féideartha’ (16.9%) agus ‘Níl An-Fhéideartha’ (16.9%), agus ní raibh ach 3.4% den tuairim go raibh sé ‘An-Indéanta.’

Féidearthacht Bhraite maidir le Bailiú Sonraí Cuairteoirí a Chomhtháthú i bPróisis Seiceála Isteach Reatha(n=118)




6.11 Ceist a cuireadh orthu siúd a thug le fios gur úinéirí cóiríochta do thurasóirí iad: Dá mbeadh sonraí le bailiú, cén modh a d’íoslaghdódh an t-ualach oibriúcháin?

Ba í an rogha ba mhinice a roghnaíodh ná ‘Líonta ar líne roimh theacht’ (60.9%). Ina dhiaidh sin, roghnaíodh ‘Líonta go digiteach ag aíonna ag seiceáil isteach’ (32.3%) agus ‘Comhtháite i bpróisis seiceála isteach a bhí bunaithe cheana’ (20.3%).

Roghnaigh céatadáin níos lú freagróirí ‘Líonta ar líne i ndiaidh na tréimhse fanachta’ (13.5%), agus ba é ‘Níor cheart í a bhailiú’ a roghnaigh 11.3% de na freagróirí nuair a cuireadh ceist orthu maidir le faisnéis. Níor roghnaigh ach líon an-bheag freagróirí ‘Bailithe ó bhéal ag an bhfoireann ag seiceáil isteach’ (3.8%), ‘Suirbhé páipéir curtha ar fáil i rith na tréimhse fanachta’ (2.3%) nó modhanna ‘Eile’ (1.5%).

Rogha Modhanna Bailithe Sonraí Úinéirí na Cóiríochta chun Ualach Oibriúcháin a Íoslaghdú (n=133)




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.

6.12 Céard iad na breithniúcháin oibriúcháin is ábhartha i ndáil le bailiú agus úsáid sonraí cuairteoirí?

Ba é an breithniúchán ba mhinice a roghnaíodh ná ‘*Tionchar ar eispéireas an aoi*’ (54.1%), agus ina dhiaidh sin roghnaíodh ‘*Ualach oibre riaracháin*’ (51.6%) bhreise. Chomh maith leis sin, tharraing céatadán suntasach freagróirí aird ar oibleagáidí a bhain le ‘*Stóráil sonraí nó slándáil*’ (41.7%) agus ar an tábhacht a bhain le ‘*Caighdeánú*’ i ngach cineál cóiríochta (37.1%). D’aithin céatadán níos lú ‘*Moilleanna ar sheiceáil isteach*’ (25.8%), ‘*athruithe TF nó córais*’ (23.3%) agus ‘*Ceanglais oiliúna foirne*’ (12%) mar bhreithniúcháin ábhartha.

Bhí patrún den chineál céanna le tabhairt faoi deara san athbhreithniú a rinneadh ar fhreagraí a fuarthas ó úinéirí cóiríochta. I measc na n-úinéirí cóiríochta, ba iad na breithniúcháin oibriúcháin ar tagraíodh dóibh níos minice ná ‘*Tionchar ar eispéireas an aoi*’ (58.8%) agus ‘*Ualach riaracháin*’ (55%) bhreise, agus oibleagáidí a bhain le ‘*Stóráil sonraí agus slándáil*’ (40.5%).



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.

Cuid 7: Inacmhainneacht agus Infhaighteacht


Sa chuid seo scrúdaítear tuiscintí maidir le hinacmhainneacht agus infhaighteacht chóiríochta i measc grúpaí cuairteoirí difriúla, agus na fachtóirí a bhfuil tionchar acu ar na dúshláin seo.

Scrúdaítear na catagóirí taistealaithe a mbíonn an tionchar is mó ag brú cóiríochta orthu, an ról atá ag fachtóirí cosúil le séasúracht agus imeachtaí móra chomh fada is a bhaineann le hinfhaighteacht agus praghsáil a mhúnlú, agus réitigh fhéideartha. Tríd is tríd, déantar measúnú ar an tslí is féidir leis an earnáil turasóireachta tacú ar bhealach níos fearr le tairiscint chóiríochta níos inacmhainne, níos inrochtana i gcaitheamh na bliana.

7.1 Conas a dhéanfa measúnú ar inacmhainneacht na cóiríochta do thurasóirí le haghaidh na gcineálacha cuairteoirí seo a leanas?

Measadh gurb iad ‘Taistealaithe chuig imeachtaí gnó’ an chatagóir a bheadh ag déileáil leis an líon is lú dúshlán inacmhainneachta, agus roghnaigh 59.5% de fhreagróirí ‘Inacmhainne’ nó ‘An-Inacmhainne’, i gcomparáid le díreach 7.3% a roghnaigh ‘Níl Inacmhainne’. Glacadh leis freisin go rabhthas ag freastal go réasúnta maith ar ‘Thurasóirí idirnáisiúnta’, agus braithheadh go raibh rochtain ag beagnach leath díobh (49.6%) ar chóiríocht inacmhainne.

I gcodarsnacht leis sin, braithheadh go raibh na dúshlán inacmhainneachta is suntasaí le sárú ag ‘Taistealaithe a bhí airdeallach ar bhuisead’, agus roghnaigh 46% de fhreagróirí ‘Níl Inacmhainne’ nuair a bhí ceist á freagairt acu maidir le cóiríocht don ghrúpa seo. Chomh maith leis sin, go minic thug freagróirí le fios gur mheas siad go raibh brú inacmhainneachta ag cur isteach ar ‘Thaistealaithe teaghlaigh’ (34.1%) agus ‘Turasóirí imeachta’ (32.6%). Ar fud na gcatagóirí cuairteoirí, roghnaigh an céatadán is mó freagróirí ‘Inacmhainne Go Pointe Áirithe’.




7.2 Conas a dhéanfa measúnú ar infhaighteacht na cóiríochta do thurasóirí le haghaidh na gcineálacha cuairteoirí seo a leanas?

Measadh go raibh an freastal is fearr á dhéanamh ar ‘Thurasóirí idirnáisiúnta’ agus ‘Taistealaithe chuig imeachtaí gnó’. Rátáil freagróirí infhaighteacht chóiríochta ag 69% agus 58.1% le haghaidh na ngrúpaí seo, ‘Ar Fáil’ nó ‘Ar fáil go hÉasca’ faoi seach. Bhí an

tuairim maidir le *‘Turasóirí náisiúnta’* dearfach. Mheas 61.6% go raibh cóiríocht ar fáil don ghrúpa seo.

Braitheadh go raibh na dúshlán infhaighteachta is mó le sárú ag *‘Taistealaithe a bhí airdeallach ar bhuiséad’*. Roghnaigh níos mó ná aon cheathrú de na freagróirí (27.9%) *‘Níl Ar Fáil’* i gcomparáid le 14.1% a roghnaigh *‘Ar Fáil’* agus 7.8% a roghnaigh *‘Ar Fáil go hÉasca’*. Braitheadh go raibh níos mó seans ann freisin go mbeadh *‘Taistealaithe le riachtanais inrochtaineachta’* (14.9%) agus *‘Turasóirí imeachta’* (13.1%) ag déileáil le níos mó bacainní infhaighteachta i gcomparáid le grúpaí eile.


Ar fud fhormhór na gcatagóirí cuairteoirí, roghnaigh an céatadán is mó freagróirí *‘Ar Fáil go Pointe Áirithe’*.



7.3 Céard iad na bearta a d’fhéadfadh tacú leis an bhfeabhas is mó ar infhaighteacht agus ar inacmhainneacht chóiríochta do thurasóirí?

Ba é an beart ba mhinice a roghnaíodh ná *‘Raon níos ginearálta cineálacha cóiríochta’* (63.2%), agus *‘Tacaíocht do thaisteal seachbhuaice’* (53.5%) agus *‘Soláthar méadaithe’* (51.7%). Roghnaigh céatadán beag freagróirí bearta *‘Eile’* (4.2%).


Bearta chun Infhaighteacht agus Inacmhainneacht Chóiríochta do Thurasóirí a Fheabhsú (n=288)



7.4 Cé chomh minic is a bhíonn tionchar ag imeachtaí móra (imeachtaí spóirt, féilte, comhdhálacha) ar phraghsanna cóiríochta i do cheantar?

Ba é ‘Go hannamh’ (41%) an freagra ba choitianta, agus bhí 20.1% den tuairim go mbíonn tionchar ag imeachtaí móra ar phraghsanna ‘Go han-mhinic’ agus roghnaigh 21.5% ‘Go minic’. Roghnaigh céatadán beag freagróirí (3.8%) ‘Níl mé cinnte’.

Tionchar Imeachtaí Móra ar Phraghsanna Cóiríochta (n=288)




7.5 Cén suntas a bhaineann le séasúracht i ndáil le cóiríocht do thurasóirí i do cheantar?

Ba é ‘Ceist shuntasach’ (39%) an freagra ba choitianta, agus roghnaigh 10.7% eile ‘Ceist an-suntasach’. Roghnaigh 28.8% eile ‘Ceist shuntasach go pointe áirithe’.

I gcomparáid leis sin, roghnaigh 14.1% de fhreagróirí ‘Mioncheist’ chun cur síos a dhéanamh ar shéasúracht, agus roghnaigh 7.3% ‘Níl ceist ann’.

Suntas Braite na Séasúrachta do Chóiríocht do Thurasóirí (n=177)




Cuid 8: Inrochtaineacht

Sa chuid seo scrúdaítear tuairimí freagróirí maidir leis an tábhacht a bhaineann le cóiríocht inrochtana do thurasóirí, leordhóthanacht an tsoláthair i láthair na huaire agus tosaíochtaí chomh fada is a bhaineann le hinrochtaineacht a fheabhsú laistigh d'earnáil cóiríochta do thurasóirí na hÉireann.

8.1 Cé chomh tábhachtach is atá infhaighteacht na cóiríochta inrochtana do thurasóirí sa tairiscint chóiríochta do thurasóirí trí chéile?

Ba é 'Tábhachtach go pointe áirithe' (34.8%) an freagra ba choitianta agus bhí 42% den tuairim go raibh cóiríocht inrochtana 'Tábhachtach' nó 'An-tábhachtach'. I gcomparáid leis sin, roghnaigh 23.2% 'Tábhacht theoranta' nó 'Níl Tábhachtach'.

Tábhacht Bhraite na Cóiríochta Inrochtana do Thurasóirí (n=164)




8.2 Dar leat, cé chomh leordhóthanach is atá an soláthar de chóiríocht inrochtana do thurasóirí in Éirinn i láthair na huaire?

Ba é *‘Neamh-Leordhóthanach’* (39%) an freagra ba choitianta, agus *‘Leordhóthánach’* (28.3%) agus *‘Níl mé cinnte’* (18.8%) a roghnaíodh ina dhiaidh sin. Bhí céatadáin níos lú den tuairim go raibh an soláthar *‘An-Neamh-Leordhóthanach’* (9.6%) nó *‘An-Leordhóthanach’* (4.4%).

Ainneoin go raibh 42% de fhreagróirí den tuairim go raibh cóiríocht inrochtana *‘Tábhachtach’* nó *‘An-Tábhachtach’* laistigh den tairiscint chóiríochta trí chéile (freagraí ar cheist 8.1), bhí 48.6% den tuairim go raibh an soláthar i láthair na huaire *‘Neamh-Leordhóthanach’* nó *‘An-Neamh-Leordhóthanach’* (de réir an tábla thíos).

Oiriúnacht Bhraite an tSoláthair Reatha de Chóiríocht
Inrochtana do Thurasóirí in Éirinn (n=272)




8.3 Cá háit, más cuí, a gcreideann tú a bhfuil an riachtanas is mó do chóiríocht inrochtana do thurasóirí le tabhairt faoi deara?

Ba é *‘Ceantair thuaithe’* (52.3%) an suíomh ba mhinice a roghnaíodh, agus *‘Bailte beaga’* (44.3%) a roghnaíodh ina dhiaidh sin. Roghnaigh thart ar aon trian de fhreagróirí *‘Buaic-cheantair thurasóireachta’* (32.8%) mar shuíomhanna ina bhfuil cóiríocht inrochtana bhreise ag teastáil freisin.

Roghnaigh céatadáin níos lú, ach suntasach ag an am céanna, *‘Cinn scríbe nua agus atá ag teacht chun cinn’* (28.2%), agus níor roghnaíodh *‘Cineálacha cóiríochta sonracha’* (19.5%) agus *‘Níl mé cinnte’* (19.9%) chomh minic céanna.

Suíomhanna ina bhfuil Cóiríocht Inrochtana Bhreise do Thurasóirí ag Teastáil go Géar (n=287)




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.

8.4 Bunaithe ar do thaithí féin, cé chomh maith is atá ag éirí leis an gcóiríocht inrochtana atá ar fáil faoi láthair freastal ar riachtanais úsáideoirí?

Fiafraíodh an cheist seo de fhreagróirí a thug le fios go n-úsáideann siad féin, nó duine éigin a bhíonn ag taisteal leo go rialta, cóiríocht inrochtana do thurasóirí go rialta nó anois is arís.

Ba é ‘Go Maith’ (37.8%), agus ‘Ní Go Maith’ (33.8%) na freagraí ba choitianta. Bhí céatadáin níos lú den tuairim go raibh cóiríocht inrochtana do thurasóirí a bhí ar fáil ag freastal ar riachtanais úsáideoirí ar bhealach ‘An-Mhaith’ (6.8%) nó ‘An-Lag’ (4.1%), agus roghnaigh 17.6% ‘Níl mé cinnte’.


Cé Chomh Maith is a Fhreastalaíonn Cóiríocht Inrochtana Reatha ar Riachtanais Úsáideoirí (n=74)



8.5 An mbeadh tionchar ag cóiríocht inrochtana feabhsaithe ar do rogha chinn scríbe laistigh d’Éirinn?

Fiafraíodh an cheist seo de fhreagróirí a thug le fios go n-úsáideann siad féin, nó duine éigin a bhíonn ag taisteal leo go rialta, cóiríocht inrochtana do thurasóirí go rialta nó anois is arís.

Roghnaigh an céatadán is mó (40.8%) freagróirí *‘Bheadh’* a thug le fios go mbeadh tionchar ag cóiríocht inrochtana feabhsaithe ar a rogha chinn scríbe, agus thug 28.9% le fios go mbeadh tionchar *‘Áirithe’* ag a leithéid ar a gcinneadh. I gcomparáid leis sin, thug 23.7% le fios nach mbeadh tionchar ag cóiríocht inrochtana feabhsaithe ar a rogha chinn scríbe, agus roghnaigh 6.6% *‘Níl mé cinnte’*.




8.6 Ceist d'úinéirí cóiríochta do thurasóirí: Céard iad na príomhfachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar sholáthar nó ar fhorbairt chóiríochta inrochtana do thurasóirí?

Ba é an fachtóir ba mhinice a roghnaíodh ná *‘Costais forbartha, uasghrádaithe nó iarfheistithe’* (80.2%). Bhí níos mó ná leath de na freagróirí den tuairim gur fachtóirí suntasacha iad *‘Srianta rialacháin phleanála’* (54.2%) agus *‘Srianta dearaidh foirgníochta nó spáis’* (53.4%).

Roghnaigh thart ar aon trian de (31.3%) fhreagróirí *‘Éiginnteacht maidir le héileamh’* mar fhachtóir a raibh tionchar aige ar chinntí infheistíochta. I gcodarsnacht leis sin, níor roghnaigh ach líon réasúnta beag freagróirí *‘Níl aon fhachtóir suntasach’* (4.6%), agus níor roghnaigh ach freagróir amháin *‘Eile’* (0.8%).


Fachtóirí a bhfuil Tionchar acu ar Sholáthar nó Leathnú na Cóiríochta Inrochtana do Thurasóirí (Úinéirí Cóiríochta Amháin) (n=131)



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.

8.7 Nuair a bhíonn cothromaíocht á cinntiú idir cuspóirí difriúla, cé acu ba cheart níos mó tacaíochta a thabhairt dóibh sa Straitéis?

Thug tromlach (53.4%) tús áite do ‘Chóiríocht Inrochtana agus lonchuimsitheach’, agus thug 46.6% tús áite ‘d’Acmhainn chóiríochta a uasmhéadú’.



8.8 An bhfuil aon bhreithniúchán eile ba cheart a chur san áireamh nuair a bhíonn beartas á fhorbairt chun tacú le cóiríocht inrochtana do thurasóirí?

Tarraingíodh aird i bhfreagraí saorthéacs ar roinnt breithniúchán a chreideann freagróirí ba cheart a bheith mar bhonn le forbairt beartais amach anseo a bhaineann le cóiríocht inrochtana do thurasóirí.

Bhain an téama ba mhinice ar tagraíodh dó le ‘*Pleanáil, Rialú, Caighdeáin agus Solúbthacht Oidhreachta*’. Bhain téama coitianta eile le ‘*Cur Chun Feidhme Praiticiúil agus Riachtanais Inrochtaineachta a Thuiscint*’.

Chomh maith leis sin, thagair freagróirí ‘*d’Acmhainn agus Soláthar Cóiríochta*’ agus ‘*Costais agus Tacaíochtaí Airgeadais*’.

Tharraing líon níos lú freagróirí aird ar an tábhacht a bhain le ‘*Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú*’ mar threoirphrionsabal, an gá a bhí le hinfheistíocht i ‘*mBonneagar Inrochtaineachta Níos Ginearálta*’ agus breithniúcháin a bhain le ‘*hÉileamh, Úsáid agus Soláthar*’ cóiríochta inrochtana.

Téama	Fothéamaí Samplacha	Tagairtí
Pleanáil, Rialú, Caighdeáin agus Solúbthacht Oidhreachta	Rialacháin foirgníochta, caighdeáin inrochtaineachta, solúbthacht i ndáil le foirgnimh níos sine agus oidhreachta, ceanglais chomhréireacha	16
Cur Chun Feidhme Praiticiúil agus Riachtanais Inrochtaineachta a Thuiscint	Sainmhíniú inrochtaineachta soiléir, faisnéis inrochtaineachta, riachtanais inrochtaineachta éagsúla, madraí treorach, comhairliúchán úsáideoirí	12
Acmhainn agus Soláthar Cóiríochta	Infhaighteacht chóiríochta iomlán, coimeád cóiríochta do thurasóirí, éagsúlacht agus acmhainn chóiríochta	10
Costais agus Tacaíochtaí Airgeadais	Deontais, dreasachtaí, costais iarfheistithe, inacmhainneacht uasghrádaithe	9
Inrochtaineacht agus Ionchuimsiú	Glacadh le cóiríocht inrochtana mar norm, dearadh uilíoch, soláthar ionchuimsitheach	7
Bonneagar Inrochtaineachta Níos Ginearálta	Iompar poiblí inrochtana, cosáin, leithris phoiblí, bonneagar páirceála agus turasóireachta níos ginearálta	5
Éileamh, Úsáid agus Soláthar	Áitiú seomraí inrochtana, leibhéil éilimh, úsáid a bhaint as cóiríocht inrochtana	5


Cuid 9: Caighdeáin Chomhshaoil agus Inbhuanaitheacht

Sa chuid seo scrúdaítear tuairimí maidir leis an tábhacht a bhaineann le caighdeáin inbhuanaitheachta comhshaoil i gcóiríocht do thurasóirí agus na bearta ba cheart tús áite a thabhairt dóibh chun na caighdeáin seo a bhaint amach.

9.1 Cé chomh tábhachtach is atá caighdeáin nó cleachtais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta i gcóiríocht do thurasóirí?

Thug beagnach leath de na freagróirí le fios go raibh a leithéid de chaighdeáin ‘*Riachtanach*’ (10.8%) nó ‘*An-Tábhachtach*’ (38.1%), agus thug 30.1% eile le fios go raibh

siad ‘*Tábhachtach*’. I gcomparáid leis sin, thug 11.4% le fios go raibh siad ‘*Tábhachtach go Pointe Áirithe*’, agus roghnaigh 9.7% ‘*Tábhacht Theoranta*’.




Tabhair faoi deara: Chuir 176 freagróir freagra bailí ar an gceist seo ar fáil, agus níor fhreagair 123 freagróir an cheist. Tá céatadáin bunaithe ar fhreagraí bailí amháin.

9.2 Céard iad na bearta inbhuanaitheachta is tábhachtaí dar leat chomh fada is a bhaineann le cóiríocht do thurasóirí?

Ba é ‘*Uisce agus bainistíocht uisce*’ (66.2%) an beart ba mhinice a roghnaíodh, agus ‘*Caighdeán éifeachtúlachta fuinnimh*’ (61.3%) ina dhiaidh sin. Roghnaigh beagnach (49.8%) leath ‘*Cóiríocht atá ar fáil cheana a iarfheistiú*’ (insliú a fheabhsú, etc.) mar thosaíocht, agus roghnaigh 42.9% ‘*Cleachtais chun éifeachtúlacht fuinnimh agus caomhnú uisce a chur chun cinn*’.

I measc na mbeart nár roghnaíodh chomh minic céanna bhí ‘*Athoiriúnú foinse teasa (teaschaidéil, etc.)*’ (17.4%) agus ‘*Scéimeanna deimhniúcháin ghlais*’ (16.4%). Roghnaigh 4.9% de fhreagróirí ‘*Eile*’.




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.

Cuid 10: Cóiríocht ar Cíos go Gearrthéarmach

Sa chuid seo scrúdaítear tuiscintí freagróirí ar na tionchair atá ag cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach (CCG) ina gceantair áitiúla.

10.1: Conas a dhéanfa cur síos ar scála na gníomhaíochta cóiríochta ar cíos go gearrthéarmach i do cheantar?

Ba é ‘Measartha’ (36.6%) an freagra ba choitianta, agus roghnaigh céatadán beagán níos airde (38%) ‘Ard’ nó ‘An-ard’ chun cur síos a dhéanamh ar an ngníomhaíocht seo. I gcodarsnacht leis sin, bhí 23.2% den tuairim go raibh gníomhaíocht ‘Íseal’ nó ‘An-íseal’.




10.2 Céard iad, más ann dá leithéid, na gníomhaíochtaí dearfacha a bhíonn ag cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach i do cheantar? (Roghnaigh gach rogha ábhartha)

Roghnaigh beagnach seachtar as gach deichniúr freagróir *‘Tacaíocht do ghnóthaí áitiúla/fáilteachas’* (69%) agus *‘Caiteachas áitiúil méadaithe i measc cuairteoirí’* (68.3%).

Roghnaigh tromlach (58.3%) *‘Níos mó roghanna cóiríochta do thurasóirí’* agus roghnaigh 57.2% *‘Acmhainn chun freastal ar níos mó cuairteoirí’*.

Thug thart ar aon trian de fhreagróirí le fios go raibh siad den tuairim gur tionchar dearfach ba ea *‘Úsáid a bhaint as réadmhaoin a bheadh folamh seachas sin’* (33.1%), agus roghnaigh 35.5% *‘Eile’*. Thug céatadán níos lú freagróirí le fios (15.9%) nach raibh aon tionchar dearfach ag cóiríocht ar cíós go gearrthéarmach ina gceantar féin.

Tionchair Dhearfacha Bhraite na Cóiríochta ar Cíós go Gearrthéarmach (n=290)




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.

10.3 Céard iad, más ann dá leithéid, na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag cóiríocht ar cíós go gearr théarmach i do cheantar? (Roghnaigh gach rogha ábhartha)

Roghnaigh níos mó ná leath de na freagróirí *‘Infhaighteacht tithíochta ar cíós go fadtéarmach laghdaithe’* (56.4%), agus roghnaigh 50.2% *‘Brú ar inacmhainneacht tithíochta áitiúla’*.

Roghnaigh beagnach aon trian de na freagróirí (31.8%) *‘Níl aon dúshlán suntasach’* chun cur síos a dhéanamh ar chóiríocht ar cíós go gearrthéarmach ina gceantar féin. Ach roghnaigh 29.1% *‘Iomaíocht éagórach le soláthraithe cóiríochta traidisiúnta’* mar thionchar diúltach.

Roghnaigh céatadán níos lú freagróirí *‘Brú ar sheirbhísí agus bonneagar áitiúil’* (18.7%) agus *‘Torann nó imní maidir le núis’* (15.2%). Roghnaigh céatadán beag freagróirí tionchair *‘Eile’* (6.6%).




Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadán cothrom le 100%.

10.4 Cén tionchar atá ag cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach ar chineálacha eile cóiríochta do thurasóirí i do cheantar?

Roghnaigh 43.5% de fhreagróirí *‘Ag cur leis an soláthar reatha’* (43.5%) chun cur síos a dhéanamh ar chóiríocht ar cíos go gearrthéarmach. Roghnaigh thart ar aon cheathrú de fhreagróirí (25.3%) *‘In iomaíocht leis an soláthar reatha’*, agus roghnaigh 18.2% *‘Athrú le tabhairt faoi deara bunaithe ar shuíomh agus séasúr’* chun cur síos a dhéanamh ar an éifeacht. Roghnaigh 13% eile *‘Níl aon idirghníomhaíocht shuntasach’* idir cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach agus soláthraithe cóiríochta eile sa cheantar.

Éifeachtaí Braite na Cóiríochta ar Cíos go Gearrthéarmach ar Chóiríocht Eile do Thurasóirí (n=292)



Cuid 11: Cothromaíocht Réigiúnach agus Turasóireacht Tuaithe


Sa chuid seo scrúdaítear tuairimí freagróirí maidir le cóiríocht do thurasóirí a fhorbairt i gcinn scríbe tuaithe agus réigiúnacha.

11.1 Céard iad na bearta is fearr chun tacú le cóiríocht do thurasóirí i gceantair thuaithe agus réigiúnacha?

Ba é ‘Infheistíocht bhonneagair’ (70.1%) an beart ba mhinice a roghnaíodh agus ina dhiaidh sin roghnaíodh ‘Margaíocht agus forbairt chinn scríbe’ (62.2%), agus tharraing beagnach leath de na freagróirí (46.5%) aird ar an tábhacht a bhaineann le ‘Tacaíocht airgeadais spriocdhírithe’.

Roghnaigh céatadán níos lú freagróirí ‘Scileanna agus tacaíocht lucht saothair’ (21.9%) mar thosaíocht agus roghnaigh 4.9% de fhreagróirí ‘Eile’.


Tosaíochtaí do Chóiríocht Tuaithe agus Réigiúnach do Thurasóirí (n=288)



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.


11.2 Cá bhfuil an chóiríocht bhreise do thurasóirí ag teastáil go géar?

Ba é an suíomh ba mhinice a roghnaíodh ná ‘*Ceantair thuaithe*’ (31%), agus ina dhiaidh sin, ‘*Bailte beaga*’ (21%) agus ‘*Ceantair Chósta nó Oileáin*’ (16%). Roghnaigh 14% ‘*Cathracha*’ agus 14% eile ‘*Bailte móra*,’ agus roghnaigh 4% ‘*Eile*’.



11.3 Dar leat, céard iad na fachtóirí a chuirfeadh an feabhas is mó ar chumas réigiún tuaithe imeachtaí gnó a mhealladh (e.g., cruinnithe, tearmainn chorparáideacha, imeachtaí oiliúna)? (Roghnaigh gach rogha ábhartha)

Ba é ‘*Naisc iompair*’ an fachtóir ba mhinice a roghnaíodh, rogha 75% de na freagróirí. Roghnaigh breis is leath de na freagróirí ‘*Acmhainn chóiríochta i rith na bliana*’ (54.5%) agus ‘*Infhaighteacht ionad imeachtaí*’ (52.7%) freisin. Roghnaigh 45.2% de na freagróirí ‘*Nascacht leathanbhanda*’, agus tharraing 29.8% aird ar ‘*Infhaighteacht ball foirne oilte*’. Roghnaigh céatadán beag freagróirí ‘*Eile*’ (3.8%).



Tabhair faoi deara: De bhrí go bhféadfadh freagróirí roinnt roghanna a roghnú, níl na céatadáin cothrom le 100%.

Cuid 12: Tuairimí Breise agus Anailís Théamach

Tugadh deis do fhreagróirí tuairimí breise a roinnt agus cuireadh 139 freagra ar fad ar fáil. Rinneadh anailís théamach ar na freagraí agus grúpáladh iad de réir roinnt téamaí athfhillteacha.

Tá achoimre le fáil sa tábla thíos ar an minicíocht ar aithníodh gach téama.

Tábla 12.1: Téamaí Aitheanta i dTuairimí Breise

Téama	Fothéamaí Samplacha	Tagairtí
Cóiríocht ar Cíos go Gearrthéarmach	Rialachán CCG, turasóireacht tuaithe, tionchair thithíochta, clárú	62
Forbairt Turasóireachta Tuaithe agus Réigiúnach	Scaipeadh cuairteoirí, séasúracht, infheistíocht réigiúnach, geilleagar tuaithe	36
Pleanáil, Rialú agus Beartas	Cead pleanála, athrú úsáide, rialú, rialachas	33
Inbhuanaitheacht, Pobail agus Tithíocht	Infhaighteacht tithíochta, cóiríocht do bhaill foirne, folláine pobail, inbhuanaitheacht	29
Táirge Turasóireachta agus Forbairt Chinn Scríbe	Imeachtaí, nithe is díol spéise, cultúr, eispéiris cuairteoirí	28
Cineálacha Cóiríochta agus Éagsúlacht	Tithe Leaba agus Bricfeasta, féinfhreastal, glampáil, tréimhsí ag fanacht ar fheirm, veaineanna campála	26
Tacaíochtaí Airgeadais, Cánachas agus Infheistíocht	Deontais, dreasachtaí cánach, costais ghnó, infheistíocht	23
Acmhainn agus Soláthar Cóiríochta	Ganntanas cóiríochta, acmhainn óstáin, stoc atá ar fáil cheana	19
Bonneagar agus Nascacht	Iompar poiblí, bóithre, leathanbhanda, saoráidí do chuaiirteoirí	19
Inacmhainneacht agus Praghsaíocht Chóiríochta	Costas cóiríochta, luach ar airgead, inacmhainneacht teaghlaigh	11
Úsáid Neamhthurasóireachta na Cóiríochta do Thurasóirí	SCCI, cóiríocht éigeandála, acmhainn turasóireachta	11

Tabhair faoi deara: Aicmíodh ceithre fhreagra mar Neamhbhailí/Gan Tuairim agus níor cuireadh san áireamh san anailís théamach iad.

Achoimre

Tharraing freagróirí aird ar nádúr idirnasctha na cóiríochta do thurasóirí, pleanáil, forbairt réigiúnach, tithíocht, bonneagar agus folláine pobail. Ba í cóiríocht ar cíos go gearrthéarmach ceann de na hábhair ba mhinice a pléadh, fianaise ar na tuairimí difriúla a bhí ag daoine maidir leis an ról atá aici i dtacú le turasóireacht agus an gaol atá aici le tithíocht. Go ginearálta, leag freagróirí béim ar an tábhacht a bhaineann le hacmhainn turasóireachta a mhéadú, tacú le forbairt turasóireachta tuaithe, bonneagar agus

nascacht a fheabhsú, tairiscint chóiríochta éagsúil a chur ar fáil agus a chinntiú go bhfuil fás turasóireachta amach anseo cothromaithe le folláine pobail agus le hinbhuanaitheacht comhshaoil.

Cuid 13: Aighneachtaí Scríofa

Ainneoin nár lorgaíodh aighneachtaí scríofa mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, fuarthas trí aighneacht ó pháirtithe leasmhara tionscail. De bhrí nach raibh na haighneachtaí seo bunaithe ar cheistneoir an chomhairliúcháin, rinneadh machnamh ar leith orthu i gcomparáid le torthaí an tsuirbhé a chuirtear i láthair in áit éigin eile sa tuarascáil seo.

Is féidir na ceisteanna ar tarraingíodh aird orthu sna haighneachtaí scríofa a ghrúpáil i sé théama dhifriúla:

- Acmhainn Chóiríochta, Soláthar agus Éileamh Amach Anseo
- Forbairt Turasóireachta Réigiúnach agus Tuaithe
- Infheistíocht, Forbairt agus Pleanáil
- Rialú, Caighdeán agus Iomaíochas
- Inbhuanaitheacht, Inrochtaineacht agus Sonraí
- Buntáiste Geilleagrach na Cóiríochta do Thurasóirí